Rannán na Scoileanna – Airgeadas
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Cor na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí

Schools Division - Financial
Department of Education and Skills
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath

**Ciorclán 0053/2010**

**Chuig: Cathaoirligh Bord Bainistíochta agus Príomhoidí Bunscoileanna, Iarbhunscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Coistí Gairmoideachais**

# Íoc Táillí Méadraithe Uisce Iomlána

Táthar ag gearradh táillí méadraithe uisce iomlána ar scoileanna agus CGOanna ó 1 Eanáir 2010 i leith. Roimhe sin, gearradh rátaí idirthréimhseacha orthu.

Mar a cuireadh in iúl i gCiorclán 64/2009, a eisíodh i Samhain 2009, tá ceanglas dlíthiúil ar scoileanna táillí uisc a íoc le húdaráis áitiúla. Cuimhníodh scoileanna agus CGOanna go bhféadfaidh na húdaráis áitiúla caingean dlí a thógáil chun a gcuid riaráistí a fháil má mhainnítear dliteanais a ghlanadh.

Is den dea-chomhairle é ag scoileanna agus CGOanna a bhfuil a gcuid táillí uisce ag méadú an tomhaltas uisce acu a athbhreithniú agus clár caomhnaithe uisce a chur i bhfeidhm.

I gcásanna ina bhfuil táillí uisce méadaithe as cuimse, tharlódh go mba ghá do scoileanna agus CGOanna dul i gcomhairle leis an údarás áitiúil cuí chun a leibhéal úsáide a athbhreithniú agus chun a fháil amach an bhfuil ligin ar a gcuid soláthar nó an bhfuil úsáid neamhúdaraithe ar siúl.

## Caomhnú Uisce agus Noirm Úsáide

Tá comhairlithe don Roinn go meastar úsáid 3.5 mhéadar ciúbach per capita a bheith réasúnta, agus gur den dea-chleachtas é 2.1 méadar ciúbach per capita a úsáid. Léiríonn tuairiscí gurb amhlaidh, cé go léiríonn roinnt scoileanna an leibhéal seo úsáide nó leibhéal faoina bhun, go bhfuil mórán scoileanna – os cionn 50% díobh i limistéir údarás áitiúla áirithe - ag léiriú rátaí go mór os cionn an leibhéal seo, insna cásanna is aoirde, os cionn 20 méadar ciúbach in aghaidh an dalta.

Socraíonn gach aon údarás áitiúil a rátaí féin. Léiríonn an sampla thíos, áfach, an méadú a thiocfaidh ar tháillí uisce scoile mura dtugann sí faoi bhearta éifeachtacht uisce.

### Sábháil tipiciúil uisce i mBunscoil 8-rangsheomra, le 250 mac léinn agus foireann

Tá na táillí bunaithe ar rátaí údaráis áitiúil amháin i 2009:

- Má tá an scoil ceangailte leis an soláthar uisce agus leis sin amháin: **97 cent** in aghaidh an mhéadair chiúbaigh (i.e. tá a humar seipteach féin aici)
- Má tá an scoil ceangailte leis an soláthar dramhaíola agus uisce: **€2.16** in aghaidh an mhéadair chiúbaigh
- Costas seasta in aghaidh an mhéadair: **€95** in aghaidh na bliana

***Ráta idirthréimhseach de €4 per capita i 2009***
**250 x €4: Costas iomlán: €1,000**

***2010 Táillí méadraithe***

- *Leibhéal úsáide de 6 mhéadar ciúbach in aghaidh an dalta in aghaidh na bliana (i.e. 2.5 mhéadar ciúbach os cionn an mheánchaighdeán de 3.5 méadar ciúbach)*

Táille uisce-amháin (6 x 250 x €0.97) + €95 **Costas iomlán: €1,550**
*nó*
Táille uisce agus dramhaíola (6 x 250 x €2.16) + €95 **Costas iomlán: €3,335**

- *Má laghdaítear úsáid uisce go dtí 3.5 méadar ciúbach in aghaidh an dalta in aghaidh na bliana (meánleibhéal)*

Táille uisce-amháin (3.5 x 250 x €0.97) + €95 **Costas iomlán: €943.75**
*nó*
Táille uisce agus dramhaíola (3.5 x 250 x €2.16) + €95 **Costas iomlán: €1,985**

- *Má laghdaítear úsáid uisce go dtí 2.1 méadar ciúbach in aghaidh an dalta in aghaidh na bliana (dea-chleachtas)*

Táille uisce-amháin (2.1 x 250 x €0.97) + €95 **Costas iomlán: €604.25**
*nó*
Táille uisce agus dramhaíola (2.1 x 250 x €2.16) + €95 **Costas iomlán: €1,229**

Dá bhrí sin, is féidir le scoil de 250 a bhfuil tomhaltas uisce thar an mheán aici suas le **€2,106** in aghaidh na bliana a shábháil trí bhearta caomhnaithe uisce a thabhairt isteach agus caighdeáin an dea-chleachtais a bhaint amach.

Is féidir eolas faoi bhearta caomhnaithe uisce do scoileanna a fháil ag www.energyeducation.ie. Tá sonraí faoi bhearta gur féidir le scoileanna tabhairt fúthu le fáil i gCiorclán 46/08 chomh maith.

Táthar ag próiseáil Iarratas ar Dheontais Chaomhnú Uisce faoi láthair; fógrófar sonraí faoi na hiarratasóirí a bheidh éirithe leo níos déanaí i mbliana.

Matthew Ryan
Príomhoifigeach
Rannán na Scoileanna – Airgeadas
Lúnasa 2010